Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11487/22**

**EF 212**
**ECOFIN 742**
**DELACT 125**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 4844 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 13.7.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an mbileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 4844 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 4844 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2022
C(2022) 4844 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an mbileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 23(16) de Rialachán (AE) 2020/1503 maidir le Soláthraithe Eorpacha Seirbhísí Sluachistiúcháin do ghnó ('an Rialachán'), cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a thíolacadh, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, gníomhartha tarmligthe lena sonraítear na ceanglais agus an tsamhail chun an fhaisnéis a leagfar amach sa Bhileog Faisnéise Infheistíochta Bunriachtanaí (KIIS) a chur i láthair, lena n-áirítear rioscaí áirithe, cóimheasa airgeadais agus faisnéis maidir le costais agus muirir a chur i láthair.

Leagtar amach sa Bhileog Faisnéise Infheistíochta Bunriachtanaí an fhaisnéis is gá chun cinneadh eolasach infheistíochta a dhéanamh. Le hAirteagal 23 den Rialachán, leagtar amach ceanglais a bhaineann le faisnéis a sholáthar trí bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí agus oibleagáidí ábhartha an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin agus an úinéara tionscadail maidir leis an mbileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear ESMA, cinnfidh an Coimisiún laistigh de 3 mhí tar éis na dréachtchaighdeáin a fháil cé acu a dhéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé na dréachtaí a tíolacadh a fhormhuiniú. Féadfaidh an Coimisiún, freisin, gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 23(16) den Rialachán. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin ESMA an 26 Feabhra 2021, agus dúnadh an comhairliúchán an 28 Bealtaine 2021. Thairis sin, d'iarr ESMA comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí (SMSG) a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagail 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. Laistigh den tuarascáil chríochnaitheach ar na dréachtchaighdeáin theicniúla, chuir ESMA míniú isteach faoin gcaoi ar cuireadh toradh na gcomhairliúchán sin san áireamh agus na dréachtchaighdeáin theicniúla chríochnaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin á bhforbairt.

I dteannta na ndréachtchaighdeán teicniúil, agus i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, chuir ESMA a anailís isteach ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Áirítear an anailís sin sa Tuarascáil Chríochnaitheach ar na dréachtchaighdeáin theicniúla atá le fáil ag https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma35-42-1183_final_report_-_ecspr_technical_standards.pdf.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, bunaítear na ceanglais maidir le cur i láthair na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí trí úsáid a bhaint as an tsamhail a leagtar amach sa ghníomh, ceanglais formáide agus teanga shamhail KIIS, agus an ceanglas maidir le haitheantóir tairiscintí sluachistiúcháin. Áirítear freisin sna dréachtchaighdeáin theicniúla

rialála ceanglais maidir le samhail KIIS, lena n-áirítear téarmaí a roghnú, hipearnaisc a úsáid, na cineálacha príomhrioscaí a bhaineann le tairiscint sluachistiúcháin a shainaithint agus cóimheasa airgeadais, ráitis airgeadais agus faisnéis airgeadais a sholáthar i samhail KIIS.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an mbileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937[1], agus go háirithe Airteagal 23(16), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun an inchomparáideacht a áirithiú i measc bileoga faisnéise infheistíochta bunriachtanaí a bhaineann le tairiscintí sluachistiúcháin éagsúla agus chun a éascú d'úinéirí tionscadail bileoga faisnéise infheistíochta bunriachtanaí a dhréachtú, ba cheart samhail chomhchoiteann a leagan amach chun an fhaisnéis lena mbaineann a chur i láthair. Leis an tsamhail sin, ba cheart a áirithiú go leanfadh úinéirí tionscadail patrún atá comhchosúil i bhfoirm agus i substaint maidir le cur i láthair agus, an tráth céanna, an tsolúbthacht is gá a cheadú lena gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí gach tairisceana sluachistiúcháin, agus cineál, scála agus castacht na dtairiscintí sin á gcur san áireamh.

(2) Chun idir-inoibritheacht na sonraí a áirithiú agus chun go mbeifear in ann crostagairt a dhéanamh idir an fhaisnéis a áirítear sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí agus faisnéis eile, go háirithe an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX ***[C(2022) 4837]*** ón gCoimisiún, ba cheart aitheantóir uathúil a bheith i ngach bileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí le haghaidh na tairisceana sluachistiúcháin lena mbaineann sí.

(3) Chun an fhéidearthacht a thabhairt d'úinéirí tionscadail tuilleadh faisnéise ábhartha a sholáthar d'infheisteoirí ionchasacha, ba cheart a bheith in ann hipearnaisc a áireamh, agus ba cheart cloí leis an tsamhail chomhchoiteann iontu siúd. Mar sin féin, leis na hipearnaisc sin, níor cheart dochar a dhéanamh do chuimsitheacht na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí mar dhoiciméad neamhspleách. Dá bhrí sin, trí hipearnaisc a úsáid, níor cheart úinéirí tionscadail a dhíolmhú ón oibleagáid an fhaisnéis ábhartha a áireamh sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí ar bhealach soiléir agus cuimsitheach.

(4) Chun é a chur ar a gcumas d'infheisteoirí ionchasacha cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh, ba cheart a áireamh sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí

[1] IO L 347, 20.10.2020, lch. 1.

tuairisc shonrach neamhchineálach ar na rioscaí ábhartha uile a bhaineann leis an tionscadal sluachistiúcháin, leis an tairiscint sluachistiúcháin agus leis an úinéir tionscadail.

(5) Chun go mbeidh an inchomparáideacht agus an tsoiléireacht ann maidir le faisnéis airgeadais a áirítear sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí agus, dá bhrí sin, chun go bhfeabhsófar an trédhearcacht d'infheisteoirí ionchasacha, ba cheart ráitis airgeadais agus faisnéis airgeadais a chur i láthair i gcomhréir le caighdeáin agus prionsabail a aithnítear go coitianta.

(6) Chun go mbeidh faisnéis thrédhearcach ar fáil maidir leis na coimisiúin, na táillí agus na costais idirbheart eile arna dtabhú ag an infheisteoir le linn shaolré an tionscadail sluachistiúcháin, ba cheart miondealú ar na costais dhíreacha agus indíreacha a chur i láthair sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí, lena sonraítear costais iontrála, costais scoir, costais arna dtabhú le linn an tionscadail agus costais theagmhasacha.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.

(8) Rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3]agus thug sé tuairim uaidh an 1 Meitheamh 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Samhail na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí***

1. Agus an fhaisnéis á soláthar acu sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2020/1503, bainfidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin úsáid as an tsamhail a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil a luaithe a fhoilseoidh an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin an tairiscint sluachistiúcháin ábhartha.

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 2*

***Ceanglais formáide agus teanga shamhail na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí***

1. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i láthair ar bhealach atá soléite agus cuirfear in iúl í ar bhealach lena bhféadfar í a thuiscint go héasca, lena n-áirítear i measc infheisteoirí ionchasacha neamhshofaisticiúla, agus na deacrachtaí tuisceana a d'fhéadfadh eascairt as cineál, scála agus casacht na tairisceana sluachistiúcháin á gcur san áireamh.

2. Beidh an teanga a úsáidfear sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí soiléir agus gonta agus seachnófar téarmaí teicniúla i gcásanna inar féidir gnáthfhocail laethúla a úsáid ina n-ionad.

*Airteagal 3*

***Aitheantóir na tairisceana sluachistiúcháin***

1. Áireofar sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí aitheantóir caighdeánaithe, buan agus uathúil le haghaidh na tairisceana sluachistiúcháin ábhartha.

2. Is éard a bheidh san aitheantóir dá dtagraítear i mír 1, an toradh ar comhchaitéiniú na n-eilimintí seo a leanas san ord seo a leanas:

   (a) cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI) ISO 17442 an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin;

   (b) cód ina bhfuil ocht gcarachtar uimhriúla, a ghinfidh an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin go hinmheánach agus a bheidh uathúil do gach tairiscint sluachistiúcháin a fhoilseoidh an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin.

3. An t-aitheantóir a fhoirmeofar i gcomhréir le mír 2, ní athrófar é i gcás ina modhnófar an bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí mar thoradh ar aon cheann díobh seo a leanas:

   (a) an bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí a aistriú go teangacha difriúla de bhun Airteagal 23(4) agus (13) de Rialachán (AE) 2020/1503;

   (b) nuashonruithe ar an mbileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí de bhun Airteagal 23(8) agus (12) de Rialachán (AE) 2020/1503;

   (c) athrú neamhábhartha eile ar an bhfaisnéis a áirítear sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí.

*Airteagal 4*

***Téarmaí a roghnú i samhail na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí***

I gcás ina gcumasaítear téarmaí nó nathanna a roghnú le samhail na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí a leagtar síos san Iarscríbhinn, déanfar an rogha sin mar a leanas:

   (a) bainfear úsáid as na nathanna 'sprioc-chaipiteal' nó 'cruinniú caipitil' le haghaidh tairiscintí sluachistiúcháin a bhaineann le hurrúis inaistrithe cothromais nó le hionstraimí a ligtear isteach chun críoch sluachistiúcháin;

(b) bainfear úsáid as na nathanna ‘sprioc-chistí’ nó ‘cistí a fháil ar iasacht’ le haghaidh tairiscintí sluachistiúcháin a bhaineann le hiasachtaí, le hurrúis inaistrithe neamhchothromais nó le hionstraimí hibrideacha;

(c) bainfear úsáid as na téarmaí ‘urrúis inaistrithe’ nó ‘ionstraimí a ligtear isteach chun críoch sluachistiúcháin’ i gcomhréir leis an gcineál ionstraimí a thairgtear.

*Airteagal 5*

***Hipearnaisc a úsáid i samhail na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí***

1. Féadfar hipearnaisc a áireamh sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí mar a leagtar amach sa tsamhail a leagtar síos san Iarscríbhinn.

2. Beidh na hipearnaisc comhlántach leis an bhfaisnéis a thugtar agus ní chuirfear iad in ionad na faisnéise sin, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa tsamhail.

3. Beidh na hipearnaisc comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a sholáthraítear in áiteanna eile sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí agus beidh rochtain shaor agus éasca ar na hacmhainní seachtracha dá dtagraítear sna hipearnaisc.

*Airteagal 6*

***Cineálacha príomhrioscaí a bhaineann le tairiscint sluachistiúcháin***

1. Déanfar na cineálacha príomhrioscaí a bhaineann le tairiscint sluachistiúcháin a nochtadh sa bhileog faisnéise infheistíochta bunriachtanaí a bhaineann leis an tairiscint sin i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i gCuid C den Iarscríbhinn. I gcás inarb ábhartha, nochtfar rioscaí eile freisin.

2. Beidh an tuairisc ar na rioscaí a bhaineann le tairiscint sluachistiúcháin ábhartha maidir leis an tairiscint shonrach sin agus ullmhófar í ar mhaithe le hinfheisteoirí ionchasacha agus ar mhaithe leo siúd amháin, agus ní thabharfar ráitis ghinearálta maidir le rioscaí infheistíochta inti ná ní chuirfear teorainn le dliteanas an úinéara tionscadail ná le dliteanas aon duine atá ag gníomhú thar a gceann.

*Airteagal 7*

***Cóimheasa airgeadais, ráitis airgeadais agus faisnéis airgeadais i samhail na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí***

Déanfar na ráitis airgeadais agus an fhaisnéis airgeadais dá dtagraítear i samhail na bileoige faisnéise infheistíochta bunriachtanaí a leagtar síos san Iarscríbhinn a chur i láthair i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) nó le prionsabail chuntasaíochta áitiúla a bhfuil glactha leo go ginearálta (GAAP), de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 8*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.7.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*